Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Deasghnáth na Comaoineach

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
Ár nAthair atá ar neamh.....
Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.
A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
Agus le do spiorad féin.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.
Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Iarchomaoineach

A Thiarna, rinne tú sinn a athnuachan le harán na beatha ag bord seo na comaoineach. Go ndéana bia na carthanachta ár gcroí a neartú, agus a spreagadh, chun seirbhís a dhéanamh duit faoi chló ár gcomharsan. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha. **Buíochas le Dia.**

Toradh 50/50 Coiste na Minna
25/08/2024
Buaiteoir den €1,000
Julia Mc Donagh,Cartúr Leathan Minna.
Duais Díoltóra de €50.00
Julia Mc Donagh, Cartúr Leathan Minna.
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste
i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Fáilte roimh chuile dhuine.

Taispeántas Chois Fharraige 2024

Coláiste Chonnacht, An Spidéal
Dé Domhnaigh, 1ú Meán Fómhair,
Clár 20124 ar fáil ó sna siopaí go háitiúil & ón oifig 091 553666 nó 087 7508107





Paróiste An Spidéil
An Dara Domhnach Fichead B
1ú Meán Fómhair 2024

An tAth. Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie

Uaireanta Oifige: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745 *Rí-omhphost:* cilleinde@outlook.ie

			Aifrinn & Intinní na Seachtaine
		✞	**Cill Éinde, An Spidéal**
Dé Sathairn	31ú	6.00i.n.	Seán Ó Céidigh & a mhuintir *Bothúna /Ciarraí*
Dé Domhnaigh	1ú	11:00r.n	*Missa Pro Populo*
Dé hAoine	6ú	6.00i.n.	**Bairbre Sweeney (nee Curran)** **Aifreann Sochraide** *Boluisce/Baile Átha Cliath*
Dé Sathairn .	7ú	6.00i.n.	Micheál Ó Coistealbha & a mhuintir *Páirc Láir*
Dé Domhnaigh	8ú	11.00r.n.	Stiofán Ó Céidigh a ghar-iníon Ruby *Sasana/Maigh Cuilinn* Margaret Folan *Baile Ard* Seán Ó Cualáin (John Jamsie) & a bhean Ellie *Sráid Bhaile an Spidéal*
		✞	**Cill Treasa, Ros a' Mail**
Dé Sathairn	31ú	7.30i.n.	Bríd, Beartla & Stiofán Ó Fátharta & a h-iníon Eileen Moran *Tóin a Chnoic*
Dé Sathairn	7ú	7.30 i.n	Máire, Beartla, Neainín & Liam Ó Maoileoin *Ros a'Mhíl* Michael Nee a bhean Mary, clann mhac Mickeen, John, & Peadar agus iníon Barbara *Doire Né Casla*
		✞	**Cill Mhuire, na Minna**
Dé Domhnaigh	1ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	8ú	9.30r.n.	

A Íosa Glan Mo Chroíse

A Íosa glan mo chroí-se
Go glé-ghlan gach lá;
A Íosa cuir m'intinn
Faoi léirsmacht do ghrá.

Déan mo smaointe go fíorghlan
Agus briathra mo bhéil,
'S a Thiarna, 'dhia dhílis,
Stiúraigh choíche mo shaol.

Na DeasghnáthaTosaigh

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Go raibh an Tiarna libh.
Agus le do spiorad féin.

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
tri mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

Urnaí

A Dhia na bhfeart, is uait a thagann gach ní dá fheabhas; cuir grá duit féin ar lasadh inár gcroí agus méadaigh ionainn an chráifeacht; cothaigh ionainn an mhaith agus cumhdaigh í le caoindúthracht. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Deotranaimí - 4:1-2, 6-8

Dúirt Maois leis an bpobal: 'Más ea, a Isráél, tabhair aird ar na dlíthe agus ar na reachtanna a mhúinim duit inniu agus comhlíon iad, i dtreo go mbeadh fad saoil agat agus go rachfá isteach agus seilbh a ghabháil ar an tír atá an Tiarna Dia d'aithreacha á thabhairt duit. Ná cuirigí aon bhreis lena n-ordaím daoibh, agus ná bainigí uaidh, ach coimeádaigí aitheanta an Tiarna bhur nDia go beacht mar a ordaím daoibh iad. Coimeádaigí iad; comhlíonaigí iad agus taispeánfaidh siad bhur n-eagna agus bhur dtuiscint do na ciníocha. Nuair a chloisfidh siad faoi na dlíthe seo go léir, déarfaidh siad: "Go deimhin féin níl aon chine chomh heagnaí ná chomh críonna leis an gcine mór seo!" Óir cén cine mór atá ann a bhfuil a ndéithe chomh gar dóibh is atá an Tiarna ár nDia dúinne nuair a ghlaoimid air? Agus cén cine mór atá ann a bhfuil dlíthe agus reachtanna aige ionchurtha leis an Dlí seo go léir a chuirim os bhur gcomhair inniu?'
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 14

Fr: A Thiarna, cé a dhéanfaidh cónaí i do phuball?

1. Cé a lonnóidh ar do Shliabh Naofa, a Thiarna?
   An té a shiúlann gan cháim;
   an té a dhéanann fíréantacht,
   a labhraíonn go díreach óna chroí
   agus nach ndéanann tromaíocht lena theanga. *(Fr)*

2. An té nach ndéanann olc dá chomharsa
   is nach dtugann masla don duine thall;
   an té ar beag aige an drochdhuine
   agus ar mór aige aos eagla an Tiarna. *(Fr)*

3. An té nach ngabhann siar ar a bhriathar,
   bíodh gur mhionnaigh sé chun a dhíobála féin;
   an té nach gcuireann a chuid airgid ar úsaireacht
   is nach nglacann le breab in aghaidh an neamhchiontaigh.
   An té sin a dhéanfaidh amhlaidh,
   ní bhainfear dá threoir é go brách. *(Fr)*

An Dara Léacht

Sliocht as litir N. Séamus - 1:17-18, 21-22, 27

A bhráithre ionúine, níl aon dea-thíolacadh ná aon tabhartas foirfe nach anuas a thagann sé, anuas ó Athair na soilse nach n-athraíonn ar aon bhealach agus nach bhfuil fiú amháin lorg athraithe air. Ghin sé sinn, dá dheoin féin, trí bhriathar na firinne ionas go mba sinn céadtoradh dár chruthaigh sé.

Glacaigí go ceansa briathar Dé atá curtha ionaibh, an briathar atá in ann bhur n-anam a shlánú.

Ná cuirigí dallamullóg oraibh féin; ní hé amháin go gcaithfidh sibh éisteacht leis an mbriathar, caithfidh sibh é a chur i ngníomh chomh maith.

Seo é fíorchleachtadh an chreidimh atá glan agus gan smál i láthair Dé ár nAthair: cuairt a thabhairt ar na dílleachtaí agus na baintreacha in am a ngátair agus gan ligean don saol thú féin a thruailliú.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
'Éisteann mo chaoirigh le mo ghlóir,' a deir an Tiarna,
'agus aithním iad, agus leanann siad mé.'
Alleluia!

Soiscéal Marcas - 7:1-8, 14-15, 21-23

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas
Glóir duit, a Thiarna.

Na Fairisínigh agus cuid de na scríobaithe a bhí tar éis teacht ó Iarúsailéim, chruinnigh siad le chéile chuig Íosa, agus chonaic siad go raibh cuid dá dheisceabail ag caitheamh a gcoda le lámha neamhghlana, is é sin, le lámha nach raibh nite. Óir, na Fairisínigh agus na Giudaigh uile, ní chaitheann siad a gcuid gan a lámha a ní ag coinneáil traidisiún na sinsear; agus ar theacht ó áit an mhargaidh dóibh, ní itheann siad go dtí go gcroitheann siad uisce orthu féin, agus tá mórán nithe eile a choinníonn siad ó shinsearacht, cupaí a ní agus corcáin agus soithí práis. Mar sin, d'fiafraigh na Fairisínígh agus na scríobaithe de: 'Cén fáth nach siúlann do dheisceabail de réir thraidisiún na sinsear ach a gcuid bia a chaitheamh le lámha neamhghlana?' Dúirt sé leo: 'Is breá an tairngreacht a rinne Ísáia mar gheall oraibhse bréagchráifigh, mar atá scríofa:

'Bheir an pobal seo onóir dom ó bheola
ach is fada uaim atá a gcroí:
is díomhaoin dóibh bheith do m'adhradh
óir níl sa teagasc a mhúineann siad
ach aitheanta daonna.

Fágann sibh aithne Dé agus coinníonn sibh traidisiún na ndaoine.'

Ghlaoigh sé an slua chuige arís agus dúirt sé leo: 'Éistigí uile liom agus bainigí meabhair as an méid seo. Níl aon ní lasmuigh den duine a d'fhéadfadh, trí dhul isteach ann, é a dhéanamh neamhghlan, ach is iad na nithe a thagann amach as an duine a dhéanann an duine neamhghlan. Óir is ón taobh istigh, amach as croí na ndaoine, a thagann drochsmaointe, bearta drúise, gadaíochtaí, dúnmharuithe, bearta adhaltranais, sainteanna, mallaitheachtaí, cealg, ainriantacht, formad, athiomrá, díomas, amadántacht. Is ón taobh istigh a thagann na drochnithe seo uile, agus déanann siad neamhghlan an duine.'

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

**Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

Liotúirge na hEocairiste

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh,
agus déanfar de arán na beatha dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fion seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

Os Cionn na nOfrálacha

Go ndéana an tabhartas naofa seo do bheannacht a thuilleamh dúinn, a Thiarna. Go gcuire sé i gcrích le héifeacht ionainn an slánú a gheallann sé go rúnda. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Go raibh anTiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
Is ceart agus is cóir sin.

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.**
Rúndiamhair an chreidimh.